Rewarding Learning

| Uimhir Lárionaid | |
|---|---|
| 71 | |

Uimhir Iarrthóra

| |
|---|
| |

**General Certificate of Secondary Education**
**January 2011**

# Matamaitic

## Modúl N2 Páipéar 1
## (Gan Áireamhán)
## Bonnsraith

**[GMN21]**

**DÉ MÁIRT 11 EANÁIR**
**9.15 am – 10.00 am**

GMN21

**AM**

45 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa cheistpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** den **aon** cheist **déag**.
Ba chóir do chuid oibre a thaispeáint go soiléir sna spásanna chuige sin mar is féidir go mbronnfar marcanna ar réitigh a bhfuil codanna díobh ceart.
**Níl cead** agat áireamhán a úsáid don pháipéar seo.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 44 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Ba chóir duit rialóir, compáis, dronbhacart agus uillinntomhas a bheith agat.
Tá an Bhileog Foirmlí ar leathanach 2.

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| **Uimhir Ceiste** | **Marcanna** |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| 11 | |
| **Marc Iomlán** | |

6518.02

# Bileog Foirmlí

**Toirt priosma** = achar trasghearrtha × fad



**1** Anseo thíos tá seicheamh patrún.



$2^2 - 1^2$ $3^2 - 2^2$ $4^2 - 3^2$

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(a)** Tarraing an patrún do $5^2 - 4^2$ [1]

**(b)** Líon na bearnaí sa tábla

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| $2^2 - 1^2 =$ | 4 | – | 1 | = | 3 |
| $3^2 - 2^2 =$ | 9 | – | 4 | = | 5 |
| $4^2 - 3^2 =$ | 16 | – | 9 | = | 7 |
| $5^2 - 4^2 =$ | ___ | – | ___ | = | ___ |

[1]

**(c)** Úsáid an patrún sa tábla leis an fhreagra ar

$$500^2 - 499^2$$

a fháil go héasca

Freagra ______________ [1]

**2** Taispeánann an léarscáil suíomh cúig bhaile atá suite thart ar loch.




**(a)** Úsáid an léarscáil le treo-uillinn Bhaile Róis ón Chnoc Ard a thomhas.

Freagra ____________ ° [1]

**(b)** Úsáid an léarscáil agus an scála leis an fhad dhíreach, trasna an locha, idir Cúl Droma agus Cluain Mhór a fháil.

Freagra __________ km [3]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**3** Oibrigh amach

**(a)** $5^3$

Freagra _____________ [1]

**(b)** 4.2 – 1.66

Freagra _____________ [1]

**(c)** $0.3 \times 0.3$

Freagra _____________ [1]

**(d)** an fhréamh chiúbach de 64

Freagra _____________ [1]

**(e)** $\frac{3}{4} - \frac{5}{12}$

Freagra _____________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

**4** Thaifead dalta dathanna na gcarranna a chuaigh thart le geata na scoile le linn lá scoile.

| Dath | Dearg | Gorm | Dubh | Glas | Airgead | Eile |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Líon na gcarranna | 6 | 12 | 2 | 10 | 8 | 2 |

Tarraing píchairt leis na sonraí seo a léiriú agus lipéadaigh go soiléir í.




[4]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**5** Is peinteagán rialta é VWXYZ.




Níl an léaráid tarraingthe go beacht

Ríomh uillinn $p$.
**Taispeáin do chuid oibre.**

Freagra ____________ ° [3]

**6** Úsáideann báicéir $\frac{3}{5}$ mála plúir le 6 bhocaire a dhéanamh.

Cá mhéad mála plúir a bheidh de dhíth air le 48 bocaire a dhéanamh?

Freagra _________ mála [3]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**7** Bhí meascán de bhuachaillí agus chailíní ar bhus scoile Mheánscoil an tSeanbhaile. Bhí scairfeanna ar chuid de na daltaí.

**(a)** Dear tábla sa spás thíos a d'fhéadfaí a úsáid le líon na mbuachaillí agus na gcailíní a thaifeadadh agus le líon na mbuachaillí agus na gcailíní a raibh scairf orthu agus nach raibh scairf orthu a thaifeadadh.

[3]

**(b)** Bhí 40 dalta ar an bhus. Taispeáin an dóigh arbh fhéidir iad a thaifeadadh sa tábla thuas. [1]

**8** **(a)** Réitigh $18 - 3x = 2 + 5x$

Freagra ______________ [3]

**(b)** Réitigh $\frac{21 - 2x}{3} = 5$

Freagra ______________ [3]

**9** Thaifead feirmeoir airde na gcrann in úllord. Rinne sé na torthaí a ghrúpáil mar a thaispeántar sa tábla thíos.

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

| **Airde *a* (méadair)** | **Minicíocht** | **Lárphointe** | |
|---|---|---|---|
| $0 < a \leq 2$ | 12 | 1 | |
| $2 < a \leq 4$ | 8 | 3 | |
| $4 < a \leq 6$ | 12 | | |
| $6 < a \leq 8$ | 10 | | |
| $8 < a \leq 10$ | 7 | | |
| $10 < a \leq 12$ | 1 | | |

**(a)** Cén t-eatramh ranga ina bhfuil an airde airmheánach?

Freagra _____________ [1]

**(b)** Comhlánaigh an tábla agus uaidh sin faigh meastachán ar mheánairde na gcrann.

Freagra ___________ m [3]

---

**10** **(a)** Athraigh 0.6 $m^3$ ina $cm^3$

Freagra _____________________________ $cm^3$ [2]

**(b)** Is é P an pointe (8, –1) agus is é Q an pointe (–2, 3)

Faigh comhordanáidí lárphointe na líne PQ.

Freagra ( _____ , _____ ) [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**11** Oibrigh amach $5\frac{3}{4} - 2\frac{5}{6}$

Scríobh do fhreagra mar uimhir mheasctha.

Freagra ____________ [3]

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

111517